

Ní mór don fhéichiúnaí bheith ag cur faoi i Limistéar Dúiche Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá na foirmeacha ar fáil i Rialacha na Cuirte Dúiche, 1997 Ordú 53 I.R. 129 de 2010. Le haghaidh sonraí faoi Rialacha na Cuirte féach ar ár suíomh gréasáin ag www.courts.ie. Is féidir breithiúnais óna cúirteanna sibhialta ar fad a chur i bhfeidhm tríd an gCúirt Dúiche, is cuma cé mhéad.

Chun cur i bhfeidhm an dlí a lorg, ní mór don chreidiúnaí na cáipéisí seo a leanas a thaisceadh in san Oifig Shibhialta: (1) An bun toghairm i leith láithriú an fhéichiúnaí/na bhféichiúnaithe stampáilte, mar aon le cóipeanna. (2) Dearbhú reachtúil a bheith ann i gcuideachta le hiarratas le haghaidh toghairme i leith láithriú an fhéichiúnaí/ na bhféichiúnaithe. (3) An bun ordú ón gcúirt Dúiche / Chuarda nó ón Ard- Chúirt. Dáilfear uimhir chuntais oifigiúil agus dáta d'éisteacht na cúise. Ní mór don uimhir chuntais seo a bheith críofa ar gach cáipéis ag gach staid nua sna himeachtaí.

Ní mór cóip den **toghairm** agus **ráiteas maoin**e a sheirbheáil ar an bhféichiúnaí tríd an bpost cláraithe ag an áit ina bhfuil sé ag cur faoi (agus 21 lá glan de rabhaidh a thabhairt).

Ní mór an **bhuntoghairm** chimithe i leith **dearbhú seirbheála** agus an **bunbhileoigín postais**, a thaisceadh in Oifig Shibhialta na Cuirte Dúiche roimh 4.30 i.n ar an 4ú lá roimh an dáta éisteachta. Déantar an chúis a éisteacht sa chúirt.

Is féidir **ordú tráthchoda** a dhéanamh ar éileamh go n-íocfadh an féichiúnaí méid áirithe in aghaidh na seachtaine/míosa nó ar an mórchoír, mar aon le costais, mar a bhronntar ag an gcúirt iad. Is é an creidiúnaí a ullmhaíonn an **t-ordú glasiocaíochta** agus a thaisceann é san Oifig Shibhialta. Síníonn an breitheamh nó an Cléireach na Cuirte Dúiche é agus déantar é a aisfhilleadh don chreidiúnaí.

Má thagann athrú ar an mbail atá ar an bhféichiúnaí sa saol is féidir leis an gcreidiúnaí nó leis an bhféichiúnaí iarratas a chur isteach don chúirt trí **thoghairm i leith ordú glasiocaíochta a athrú**. Ní mór toghairm stampáilte (agus cóip di) a thaisceadh in san Oifig Shibhialta chun dáta éisteachta a fháil.

Ní mór an **bhuntoghairm**, mar aon le **dearbhú seirbheála** agus an **bunbhileoigín postais** a thaisceadh in Oifig Shibhialta na Cuirte Dúiche roimh 4.30 i.n ar an 4ú lá roimh an dáta éisteachta. Déantar an chúis a éisteacht sa chúirt.

Ullmhaíonn an creidiúnaí an **t-ordú athraithe** agus déanann sé é a thaisceadh in san Oifig Shibhialta. Síníonn an breitheamh agus an Cléireach na Cuirte Dúiche é agus aisfhilltear don chreidiúnaí é.

Má tá glasiocaíocht amháin nó níos mó iníochta is féidir leis an gcreidiúnaí **toghairm mar gheall ar mhainneachtain déanamh de réir ordú tráthchoda** a chur amach le haghaidh láithriú an fhéichiúnaí.

Ní mór **toghairm mar gheall ar mhainneachtain déanamh de réir ordú tráthchoda** (agus cóip de) a thaisceadh in san Oifig Shibhialta chun dáta éisteachta a fháil i gCúirt Uimh. 23 (Áras na dTaifead Poiblí). Ní mór an **bhuntoghairm** i leith **dearbhú seirbheála** agus an **bunbhileoigín postais**, a thaisceadh in Oifig Shibhialta na Cuirte Dúiche roimh 4.30 i.n ar an 4ú lá roimh an dáta éisteachta. Déantar an chúis a éisteacht sa chúirt.

Féadfaidh an breitheamh na páirtithe a sheoladh chuig idirghabháil.

Cuirtear **ordú cimithe** amach sa chás nach ngéilltear d'Ordú na Cuirte.

NÓ

Cuirtear **ordú athraithe** amach in áit cimithe. (Féach ar an modh imeachta thuas).

- Ullmhaíonn an creidiúnaí an **t-ordú** cimithe agus an **barántas** agus taisceann sé iad in san oifig shibhialta.
- Síníonn an breitheamh an **t-ordú** agus an **barántas**.
- Seoltar an **t-ordú** agus an **barántas** ar aghaidh go dtí An Garda Síochána le haghaidh forghníomhaithe

Ní ghlannann dul faoi phianbhreith an fiach.